*Uimhir* 25 *de* 2018

# An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 25 *de* 2018

# AN tACHT UM MARGAÍ IN IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

### CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt
1. Gearrtheideal
2. Caiteachais
3. Aisghairm

### CUID 2

Margaí in Ionstraimí Airgeadais

4. Míniú (Cuid 2)
5. Rialacháin maidir le margaí in ionstraimí airgeadais: foráil maidir le cionta indíotáilte
6. Táillí i leith Banc Ceannais na hÉireann do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe
7. Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 1942

### CUID 3

Leasú ar Achtacháin a Bhaineann le Tuairisciú Creidmheasa agus leis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

8. Leasú ar alt 2 den Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013
9. Leasú ar an míniú ar “seirbhís airgeadais fhadtéarmach” in Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)

An tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010 (Uimh. 23)

An tAcht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013 (Uimh. 45)

Acht na gComhphobal Eorpach, 1972 (Uimh. 27)

Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 (Uimh. 22)

An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007 (Uimh. 37)

*Uimhir* 25 *de* 2018

# AN tACHT UM MARGAÍ IN IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS, 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú, i dtaobh rialacháin áirithe a bhaineann le margaí in ionstraimí airgeadais, maidir le cionta indíotáilte lena ngabhann pionóis uasta is mó ná na pionóis uasta a cheadaítear le hAcht na gComhphobal Eorpach, 1972; do dhéanamh socrú i ndáil le táillí i leith Banc Ceannais na hÉireann do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe; do leasú Sceideal 2 a ghabhann le hAcht an Bhainc Cheannais, 1942; do leasú alt 2 den Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013 agus an mhínithe ar "seirbhís airgeadais fhadtéarmach" in Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017; d'aisghairm alt 5 den Acht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [29 *Deireadh Fómhair* 2018]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal**

**1.** Féadfar an tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais, 2018 a ghairm den Acht seo.

**Caiteachais**

**2.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire Airgeadais ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

**Aisghairm**

**3.** Aisghairtear alt 5 den Acht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2007.

## CUID 2

### Margaí in Ionstraimí Airgeadais

**Míniú (*Cuid 2*)**

**4.** Sa Chuid seo, ciallaíonn "Acht 1942" Acht an Bhainc Cheannais, 1942.

**Rialacháin maidir le margaí in ionstraimí airgeadais: foráil maidir le cionta indíotáilte**

**5.** (1) San alt seo—

ciallaíonn "cion iomchuí" cion faoi Rialachán 119(8) nó (9) de na Rialacháin iomchuí arb éard é an sárú lena mbaineann—

(a) sárú arb éard é seirbhís infheistíochta a sholáthar nó gníomhaíocht infheistíochta a chomhlíonadh gan an t-údarú is gá de réir Rialachán 5 de na Rialacháin sin,

(b) sárú ar aon fhoráil de na Rialacháin sin a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo, nó

(c) sárú arb éard é oifigeach údaraithe, de réir bhrí na Rialachán sin, do mhainneachtain ceanglas arna dhéanamh de bhun Rialachán 95(2) de na Rialacháin sin a chomhlíonadh;

ciallaíonn "Rialacháin iomchuí" Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2017 (I.R. Uimh. 375 de 2017).

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion iomchuí dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €10,000,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana nó iad araon a chur air nó uirthi.

(3) Ní dochar *fo-alt (2)* d'aon phionóis dá bhforáiltear leis na Rialacháin iomchuí i leith ciontú achomair mar gheall ar an gcion iomchuí.

Tábla

Rialachán 16

Rialachán 20(1), (2), (7) nó (8)

Rialachán 23(1)(k), (l) nó (m)

Rialachán 23(11)

Rialachán 24(11)

Rialachán 28(1)

Rialachán 30

Rialachán 31

Rialachán 35

Rialachán 36

Rialachán 37(8)

Rialachán 59

Rialachán 70(a), (d), (e) nó (f)

**Táillí i leith Banc Ceannais na hÉireann do chomhlíonadh feidhmeanna áirithe**

**6.** Beidh táillí iníoctha de réir alt 32E (a cuireadh isteach le halt 14 den Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais, 2010) d'Acht 1942 i leith Banc Ceannais na hÉireann do chomhlíonadh a fheidhmeanna faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2017.

**Leasú ar Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 1942**

**7.** Leasaítear Acht 1942 i gCuid 1 de Sceideal 2 tríd an méid seo a leanas a chur isteach:

"

| | | | |
|---|---|---|---|
| *46* | *Uimh. - de 2018* | *An tAcht um Margaí in Ionstraimí Airgeadais, 2018* | *Cuid 2* |

".

CUID 3

Leasú ar Achtacháin a Bhaineann le Tuairisciú Creidmheasa agus leis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

**Leasú ar alt 2 den Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013**

**8.** Leasaítear alt 2 den Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013—

(a) sa mhíniú ar "creidmheas" i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

"(f) i bhfoirm creidmheasa trádála, nó",

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) Chun críocha mhír (f) den mhíniú ar 'creidmheas' i bhfo-alt (1), soláthraítear iasacht, íocaíocht iarchurtha nó garaíocht airgeadais de chineál eile (an 'creidmheas iomchuí') i bhfoirm creidmheasa trádála má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas—

(a) i gcás an duine (an 'duine céadluaite') a sholáthróidh an creidmheas iomchuí agus an duine dá soláthrófar an creidmheas iomchuí araon, go bhfuil gach duine acu ag gníomhú dó nó di i gcúrsa a ghnó, a thrádála nó a ghairme, nó a gnó, a trádála nó a gairme,

(b) nach soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais an duine céadluaite,

(c) go ndéanfar le téarmaí an chreidmheasa iomchuí socrú maidir le hiomlán an chreidmheasa a aisíoc, cibé acu ina thráthchodanna nó mar aon mhéid amháin, faoi dháta nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a rinneadh é a shocrú, agus

(d) gurb é cuspóir an chreidmheasa iomchuí éascaíocht a dhéanamh maidir le hearraí nó seirbhísí a cheannach ón duine céadluaite.”.

**Leasú ar an míniú ar “seirbhís airgeadais fhadtéarmach” in Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017**

**9.** (1) Leasaítear alt 2(1) d’Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “seirbhís airgeadais fhadtéarmach”:

“ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais fhadtéarmach’—

(a) faoi réir mhír (b) agus fho-alt (3), seirbhís airgeadais arb ionann a ré agus téarma seasta 5 bliana agus aon mhí amháin, nó níos mó, ach, d’ainneoin go bhféadfadh gurb é 5 bliana agus aon mhí amháin (nó níos mó) a dtéarma comhiomlán, ní thagann faoi réim na míre seo sraith téarmaí comhleanúnacha i leith ré seirbhíse airgeadais (ar choinníoll nach ionann fad aon cheann ar leith acu agus 5 bliana agus aon mhí amháin, nó níos faide), nó

(b) seirbhís airgeadais arb éard í—

(i) árachas saoil a bhfuil feidhm, de bhua Rialachán 4 de na Rialacháin sin, ag Rialacháin Chreata na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. Uimh. 360 de 1994) maidir leis (nach árachas saoil a thagann faoi réim Aicme VII a mhínítear sa chéad Iarscríbhinn a ghabhann leo), nó

(ii) árachas saoil a bhfuil feidhm ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Árachas agus Athárachas), 2015 (I.R. Uimh. 485 de 2015) maidir leis (nach árachas saoil a thagann faoi réim mhír 7, 8 nó 9 de Sceideal 2 a ghabhann leis na Rialacháin sin),

is cuma, i gceachtar cás, ar socraíodh téarma an árachais saoil sin ag tréimhse shonraithe féilire nó nár socraíodh;”.

(2) Leasaítear alt 2 d’Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) D’ainneoin nach ndéanann an tseirbhís airgeadais a ré a shocrú chun bheith ina théarma den chineál dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú ar ‘seirbhís airgeadais fhadtéarmach’ i bhfo-alt (1), measfar go dtiocfaidh seirbhís airgeadais faoi réim an mhínithe sin más rud é gur réasúnach do thomhaltóir ionchas a bheith aige nó aici leis, maidir lena ré, gurbh ionann é agus an fad dá dtagraítear sa mhír sin, ar a laghad, agus go n-eascraíonn an t-ionchas réasúnach sin as na nithe seo a leanas—

(a) an modh ar a n-oibríonn an tseirbhís airgeadais chun tairbhe airgeadais a sholáthar don tomhaltóir,

(b) an cineál sócmhainní lena mbaineann oibriú na seirbhíse, nó

(c) uiríll arna ndéanamh ag an soláthraí seirbhíse airgeadais,

seachas i gcás go n-eascródh ionchas den sórt as na cásanna seo a leanas—

(i) cuntas reatha le foras airgeadais, nó

(ii) aon seirbhís airgeadais eile de ré éiginnte atá ar fáil go forleathan agus nach bhfuil saintréithe speisialaithe ag gabháil léi.”.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. —. 42. 5/22. Essentra. (92153). Gr.30-15.

9 781399 302333